

RURAL PACT

# Pobail a chumhachtú chun gníomhaíocht a dhéanamh ar son na físe tuaithe

## Seisiún Eolais maidir le Beartas

Mí na Nollag 2024

## Clár


**1. Réamhrá** ______________________________ 1

**2. Cén fáth a bhfuil an Comhshocrú um an Tuath tábhachtach do phobail áitiúla?** _____ 2

**3. Cad is gá a dhéanamh chun an Comhshocrú um an Tuath a thabhairt níos gaire do na saoránaigh?**___________ 3

**4. Cad ba cheart do ghníomhaithe áitiúla a dhéanamh?** ______________________ 4

4.1 Teacht le chéile i gcomhar le ceannaire áitiúil atá ag cur an phróisis chlaochlaithigh áitiúil chun cinn _______ 4

4.2 Socrú eagraíochtúil iomchuí a ghlacadh lena gceadaítear rannpháirtíocht leathan_ 4

4.3 Teacht ar chomhaontú maidir le fís chomhroinnte agus plean comhroinnte lena ngabhann gníomhaíochtaí leathana claochlaitheacha_________________ 5

**5. Cad ba cheart do lucht ceaptha beartais a dhéanamh chun gníomhaíocht a chumasú?**_ 6

5.1 Ceannairí áitiúla agus a socruithe eagraíochtúla a aithint mar chomhpháirtithe i bhfíor-rialachas il-leibhéil_____________________ 6

5.2 Fothú acmhainneachta áitiúla a eagrú agus/nó a mhaoiniú _______________ 6

5.3 Gníomhaíocht chomhordaithe a chothú _ 7

5.4 Rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú agus maorlathas a laghdú_______________ 7



An t-eolas agus na dearcthaí a leagtar amach sa doiciméad seo, is le húdar/húdair an doiciméid iad agus ní gá gurb ionann iad agus tuairim oifigiúil an Choimisiúin Eorpaigh. Ní ráthaíonn an Coimisiún cruinneas aon sonraí a chuimsítear, ná ní féidir an fhreagracht a chur air as an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an eolas atá san fhoilseachán seo.


## 1. Réamhrá

Tá ceantair thuaithe riachtanach i leith fhéiniúlacht agus fholláine na hEorpa. Mar sin féin, tá roinnt dúshlán le sárú ag pobail tuaithe ar fud an Aontais, cuir i gcás an méid seo a leanas: dídhaonrú agus aosú; meath ar sheirbhísí poiblí ar nós oideachais, sláinte nó iompair; ioncaim laghdaitheacha ó thionscail phríomhúla; agus iarmhairtí diúltacha an athraithe aeráide.

Déantar iarracht le beartais phoiblí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, ach is féidir an fhreagairt sin a bheith teoranta mar gheall ar easpa comhordaithe idir earnálacha éagsúla, ar mhaoiniú neamhdhóthanach, ar mhaorlathas nó ar iarrachtaí chun réitigh a 'oireann do chách' a chur i bhfeidhm, gan sainiúlacht gach ceantair a chur san áireamh.



**Má tá tú ag fiafraí conas is féidir leis an gComhshocrú um an Tuath cuidiú le do phobal áitiúil, baineann an seisiún eolais seo leatsa!**




Arna mhaoiniú ag an Aontas Eorpach

# 2. Cén fáth a bhfuil an Comhshocrú um an Tuath tábhachtach do phobail áitiúla?

I gcomhairle leis an iliomad páirtithe leasmhara, d'fhorbair an Coimisiún Eorpach fís fhadtéarmach le haghaidh cheantair thuaithe an Aontais in 2021 suas go dtí 2040 (LTVRA - fís tuaithe). Déantar príomhghnóthachtálacha na físe tuaithe agus na bealaí chun cinn a leagan amach sa tuarascáil ón gCoimisiún i mí an Mhárta 2024.

Chuir an Coimisiún an Comhshocrú um an Tuath i bhfeidhm freisin – is sásra comhoibríoch é sin chun ról a thabhairt do pháirtithe leasmhara an Aontais i ngníomhaíocht a dhéanamh ar son na físe tuaithe. Tá sé d'aidhm ag an gComhshocrú saincheisteanna tuaithe a chur ar leibhéal níos airde i gcláir oibre pholaitiúla, acmhainneachtaí a fhorbairt trí phiarfhoghlaim agus trí líonrú, agus gníomhaíocht a spreagadh.

Chun tionscnamh an Choimisiúin a chomhlánú, tá creataí institiúideacha nua á gcur i bhfeidhm ag cuid mhór údaráis phoiblí, nó tá creataí atá ann cheana á neartú acu, chun borradh a chur faoina mbeartais tuaithe agus, dá bhrí sin, chun an Comhshocrú um an Tuath a chur i gcrích ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach. Mar sin féin, tá gá le hiarracht níos leanúnaí chun a chinntiú gur féidir tairbhí an Chomhshocraithe a fháil i bpobail áitiúla ar leibhéal an tsráidbhaile, ar leibhéal an bhardais nó ar an leibhéal foréigiúnach.

### Deich gcomhsprioc de chuid fhís tuaithe an Aontais

1. **Spásanna tarraingteacha, arna bhforbairt mar chuid d'fhorbairt chríochach chomhchuí**
2. **Páirt a ghlacadh i rialachas il-leibhéil agus áitbhunaithe**
3. **Soláthraithe slándála bia, deiseanna eacnamaíocha, earraí agus seirbhísí don tsochaí i gcoitinne**
4. **Pobail dhinimiciúla a dhíríonn ar fholláine**
5. **Pobail uilechuimsitheacha**
6. **Foinsí bisiúla dúlra**
7. **Tairbhe iomlán a bhaint as an nuálaíocht dhigiteach**
8. **Daoine fiontraíocha, nuálacha agus oilte**
9. **Áiteanna bríomhara ina bhfuil seirbhísí poiblí agus príobháideacha atá éifeachtach, inrochtana agus inacmhainne**
10. **Áiteanna éagsúlachta**

## Comhaltaí an Chomhshocraithe um an Tuath

| Údaráis phoiblí ar leibhéil áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais | Eagraíochtaí na sochaí sibhialta | Gnóthaí agus eagraíochtaí gnó | Institiúidí acadúla agus taighde | Saoránaigh |
|---|---|---|---|---|


### Conas is féidir leis an gComhshocrú um an Tuath cuidiú le pobail áitiúla?

| Na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ann do phobail tuaithe | Nasctha le cuspóir an Chomhshocraithe um an Tuath |
|---|---|
| ✔ **Feasacht a mhúscailt** i measc údarás agus i measc an phobail i gcoitinne faoi thábhacht ceantar tuaithe<br>✔ Spás agus tacaíocht a thabhairt do **ghuthanna tuaithe chun éisteacht a fháil** i bpróisis chinnteoireachta agus i gcomhlachtaí cinnteoireachta, agus le linn tacaíocht bheartais fheabhsaithe a iarraidh do cheantair thuaithe<br>✔ **Promhadh gach beartais** – tithíocht, sláinte, oideachas, soghluaisteacht – ó thaobh **riachtanais tuaithe** de, agus rannpháirtíocht pobal a chumasú i dtaca le dearadh agus cur chun feidhme na mbeartas sin | ✔ Cuspóir 1: **Guthanna na tuaithe a aimpliú agus iad a chur ar leibhéal níos airde ar an gclár oibre polaitiúil** |
| ✔ Spás a chur ar fáil le haghaidh malartú agus **foghlaim fhrithpháirteach**<br>✔ **Acmhainneacht gníomhaithe áitiúla** a fheabhsú trí na nithe seo a leanas a éascú: rochtain ar eolas, ar scileanna teicniúla, ar eolas faoi mhaoiniú, ar acmhainneacht cur chun feidhme maidir le dúshláin agus deiseanna tuaithe a shainaithint agus maidir le haghaidh a thabhairt orthu<br>✔ **Cleachtais inspioráideacha** a shainaithint agus a scaipeadh | ✔ Cuspóir 2: **Líonrú, comhoibriú agus foghlaim fhrithpháirteach a chumasú** |
| ✔ Páirtithe leasmhara a thabhairt le chéile chun **fís straitéiseach agus gníomhaíochtaí** le haghaidh athrú tuaithe a dhearadh, a phleanáil agus a chur chun feidhme<br>✔ **Comhordú beartas** ar bhonn feabhsaithe a iarraidh chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin tuaithe ar bhealach cuimsitheach | ✔ Cuspóir 3: **Gealltanais dheonacha a spreagadh chun gníomhú ar son na físe** |

Mar sin féin, chun go mbainfidh pobail tuaithe leas iomlán as na tairbhí sin, ní mór do rialtais náisiúnta nó réigiúnacha roinnt comhábhar a chur i bhfeidhm ar leibhéal an cheaptha beartais. Bheadh gá le ceannaireacht láidir pholaitiúil, chomh maith le sásraí chun ról a thabhairt do phobail tuaithe agus chun líonrú agus piarfhoghlaim, straitéis fhadtéarmach agus plean gníomhaíochta fadtéarmach, promhadh leas na tuaithe, comhtháthú agus comhordú beartas earnála agus foinsí maoinithe a éascú. Tugadh tuairisc ar na gnéithe sin san fhoilseachán maidir le '[An Comhshocrú um an Tuath a chur i gcrích sna Ballstáit]' agus i dtuarascáil maidir le '[Tosca cumasúcháin le haghaidh athbheochan na tuaithe]'.

Cé go bhfuil sé fíor-riachtanach gníomhú ar dhearadh leathan beartas náisiúnta nó réigiúnach a dhéanann difear do cheantair thuaithe, ní leor é chun a chinntiú go **dtairbhíonn pobail áitiúla aonair den Chomhshocrú um an Tuath** agus go bhfuil siad in ann gníomhaíocht éifeachtach a dhéanamh chun cuspóirí na físe tuaithe a bhaint amach. Chuige sin, tá gá le hiarracht chomhbheartaithe ó ghníomhaithe áitiúla – mar shampla an tsochaí shibhialta agus eintitis phríobháideacha, údaráis agus gníomhaithe poiblí eile – agus, chomh maith leis sin, ón lucht ceaptha beartas náisiúnta agus réigiúnach.

### An Comhshocrú um an Tuath a thabhairt níos gaire do na saoránaigh: cé ba chóir na gníomhartha éagsúla a dhéanamh?




## 3. Cad is gá a dhéanamh chun an Comhshocrú um an Tuath a thabhairt níos gaire do na saoránaigh?

Tá ceantair thuaithe ilchineálach, **níl aon chur chuige ann a oireann do chách.** Tiocfaidh pobail tuaithe ar réitigh éagsúla chun freagairt shaincheaptha a fhorbairt ar a ndúshláin agus ar a ndeiseanna áitiúla.

Dá ainneoin sin, tá líon áirithe príomhghnéithe ann a éascaíonn próisis chlaochlaitheacha áitiúla agus a chumhachtaíonn pobail áitiúla gníomhaíocht a dhéanamh. Is iad na pobail áitiúla iad féin a chuireann cuid de na gnéithe sin chun feidhme, agus is gá d'údaráis ardleibhéil cuid eile díobh a sholáthar chun timpeallacht chumasúcháin le haghaidh gníomhaíochta a chur i bhfeidhm.



Ní mór do gach **pobal tuaithe** a chuid tionscnamh féin a fhorbairt ar tionscnaimh iad a fhreagraíonn dá riachtanais shonracha agus dá dheiseanna sonracha, i gcomhréir lena chomhthéacsanna cultúir agus dlí. Go háirithe, moltar go ndéanfaidh pobail tuaithe an méid seo a leanas:

- **Teacht le chéile i gcomhar le ceannairí áitiúla –** duine/daoine nó eagraíocht/eagraíochtaí a d'fhéadfadh claochlú an cheantair tuaithe a chur chun cinn;
- **Socrú eagraíochtúil** iomchuí (struchtúr agus sásraí cinnteoireachta) a ghlacadh lena gceadaítear rannpháirtíocht leathan;
- Teacht ar chomhaontú maidir le **fís chomhroinnte agus plean comhroinnte**, mar aon le gníomhaíochtaí leathana claochlaitheacha, cuir i gcás riachtanais agus deiseanna a shainaithint.



Ní mór d'**údaráis ardleibhéil** roinnt gníomhaíochtaí a dhéanamh freisin ar an leibhéal réigiúnach, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach chun gníomhaíocht chlaochlaitheach áitiúil a spreagadh agus chun tacú léi. Ba cheart do na húdaráis sin an méid seo a leanas a dhéanamh go háirithe:

- **Na ceannairí áitiúla** agus a socruithe eagraíochtúla **a aithint mar chomhpháirtithe** i bhfíor-rialachas il-leibhéil;
- **Fothú acmhainneachta áitiúla** a eagrú agus/nó a mhaoiniú;
- **Gníomhaíocht chomhordaithe** na mbeartas agus na sruthanna maoinithe ábhartha uile a chothú;
- **Rochtain ar mhaoiniú** a fheabhsú agus maorlathas a laghdú.

# 4. Cad ba cheart do ghníomhaithe áitiúla a dhéanamh?

## 4.1 Teacht le chéile i gcomhar le ceannaire áitiúil atá ag cur an phróisis chlaochlaithigh áitiúil chun cinn

Chun gníomhaíocht a dhéanamh ar son na físe tuaithe, tá gá le rannpháirtíocht páirtithe leasmhara éagsúla, ach is iondúil go mbíonn gníomhaí amháin ann – duine aonair, grúpa beag daoine nó eagraíocht aonair – ar gníomhaí é/í/iad a chuireann tús leis an bpróiseas forbartha nó a ghníomhaíonn mar chatalaíoch. D'fhéadfadh '**ceannairí áitiúla**' den sórt sin teacht ón earnáil phoiblí, ón earnáil phríobháideach nó ón earnáil shibhialta, ach is gá go mbeadh sé de shaintréithe acu, ar a laghad, cumas chun **inspioráid, inspreagadh agus gríosú** a thabhairt do dhaoine eile sa chríoch agus **meon poiblí** nó braistint an leasa choitinn.

Níor cheart a mheas gurb ionann an ceannaire áitiúil agus aon leas polaitiúil nó eacnamaíoch aonair, ach ba cheart dó próiseas uilechuimsitheach daonlathach a leanúint. Is féidir le ceannairí áitiúla ról a bheith acu mar 'seaimpíní' (a sheasann ar son cúis atá tábhachtach don phobal áitiúil), mar 'ambasadóirí' (a dhéanann ionadaíocht thar ceann luachanna áirithe agus a shlógann a bpobail) nó mar 'idirghabhálaithe' (a dhéanann gníomhaithe nó leasanna éagsúla a thabhairt le chéile agus a chothaíonn sineirgí eatarthu).

Níor cheart na daoine nó na heagraíochtaí sin a bheith ag obair ina n-aonar, ach in éineacht le líonra tacaíochta chun a chinntiú go ndéantar na gníomhaíochtaí a chur chun feidhme san fhadtéarma. Tá sé ríthábhachtach rannpháirtíocht daoine óga (féach ábhar úsáideach ó Acadamh Ghlúin na hEorpa), ban agus ionadaithe gnó a chinntiú.

I gceantair thuaithe iargúlta sa Bhulgáir, tá Fondúireacht Talún/Gréine ag obair le thart ar 30 sráidbhaile, agus úsáid á baint acu as idirghabháil chultúir mar mhodh chun naisc idirghlúine agus trasearnála a chothú. Tugann an tionscnamh ealaíontóirí óga chun fanacht le mná tuaithe scothaosta chun naisc idirghlúine agus caipiteal sóisialta a chothú, rud a mhéadaíonn athléimneacht an phobail.

Comhchruthaíonn na daoine óga réitigh oiriúnaithe i gcomhpháirt le muintir an tsráidbhaile (mar shampla, seanfhoirgneamh scoile a athchóiriú) chun spásanna ináitrithe a dhéanamh de na sráidbhailte agus chun rochtain ar acmhainní a dhaonlathú. Úsáidtear an cultúr mar ghiaráil chun aghaidh a thabhairt ar imeallú sóisialta, ar mheabhairshláinte agus ar fhadhbanna práinneacha eile sa tír seo ina bhfuil an leibhéal is tapa dídhaonrú ar domhan ag tarlú. A bhuí leis na hidirghabhálaithe cultúir, tá roinnt sráidbhailte in ann teaghlaigh nua a mhealladh anois chun cónaí a dhéanamh iontu.

Féach freisin an chaoi a dtacaíonn Sráidbhaile Cliste na hÍsiltíre in Hilvarenbeek le tionscnaimh ó na saoránaigh trí bhíthin líonra comhairleoirí forbartha áitiúla.

## 4.2 Socrú eagraíochtúil iomchuí a ghlacadh lena gceadaítear rannpháirtíocht leathan

Éilíonn dinimic nua socrú eagraíochtúil a chumasaíonn rannpháirtíocht cineálacha éagsúla páirtithe leasmhara, a spreagann rannpháirtíocht leathan, agus a chomhcheanglaíonn cinnteoireacht dhaonlathach le solúbthacht.

I gcuid mhór pobal tuaithe, ní gá eagraíochtaí ná struchtúir nua a chur i bhfeidhm, toisc go bhfuil struchtúir ann cheana féin ar féidir leo an ról sin a ghlacadh. I measc na samplaí atá ann, tá eagraíochtaí gluaiseachta sráidbhailte, comhpháirtíochtaí dea-fheidhmiúla LEADER agus spreagthóirí thionscnaimh na Sráidbhailte Cliste.

Dá ainneoin sin, d'fhéadfadh gá a bheith le neartú agus fothú acmhainneachta chun raon níos leithne réimsí téamacha atá ríthábhachtach don chríoch a chumhdach – mar shampla soghluaisteacht, sláinte, cultúr – trí bhíthin beartais spriocdhírithe náisiúnta/réigiúnacha (féach thíos). D'fhéadfadh sé sin tuilleadh tacaíochta a thabhairt chun feasacht a mhúscailt maidir leis na struchtúir áitiúla i measc a bpobal agus chun comhghuaillithe nua a thabhairt isteach.

I bpobail eile, is féidir le príomhpháirtithe leasmhara a roghnú gan struchtúir atá ann cheana nó struchtúir nua a úsáid, ach gan ach tuairisc a thabhairt ar na spriocanna comhchoiteanna, ar na róil chomhchoiteanna agus ar na freagrachtaí comhchoiteanna atá acu i gconradh nó i gcomhaontú.

De réir mhéid an fhoirmiúlachais, d'fhéadfadh raon formáidí a bheith ann a d'fhéadfadh pobal a ghlacadh:

- **Dearbhú** comhchoiteann nó **ráiteas intinne** arna dhéanamh go poiblí ag páirtithe leasmhara áitiúla;
- **Comhaontú Comhair** nó **Meabhrán Tuisceana** arna shíniú idir na príomhghníomhaithe;
- **Comhaontú Comhpháirtíochta** le heintiteas ainmnithe a dhéanann ionadaíocht thar ceann na gcomhpháirtithe, mar chomhpháirtí ceannais nó mar chomhlacht cuntasach – is amhlaidh atá i gcás LEADER i roinnt Ballstát nach bhfuil eintiteas dlíthiúil ag Grúpaí Gníomhaíochta Áitiúla (GGÁnna), ach ina roghnaíonn siad ceann de na comhpháirtithe chun feidhmiú mar chomhlacht cuntasach;
- Páirtithe leasmhara atá cláraithe le **hionstraim dhlíthiúil fhoirmiúil** (féach sampla den Chairt Tírdhreacha thíos);
- **Sainoifig** arna bunú ag príomhpháirtithe leasmhara chun tacú le comhar eatarthu – mar shampla, bardais a thagann le chéile chun struchtúr idirbhardasach a chur ar bun;
- **Saineintiteas dlítheanach** arna bhunú chun an straitéis nó an plean gníomhaíochta a chur chun feidhme – tá struchtúr ENR ag cuid mhór GGÁnna LEADER, ar eintitis iad a cuireadh ar bun go sonrach chun an straitéis áitiúil a chur chun feidhme, oibríonn cinn eile mar ghnólachtaí príobháideacha, neamhbhrabúsacha.

RURAL PACT

**Socruithe de chineál níos neamhfhoirmiúla**
- dearbhú nó ráiteas intinne
- Comhaontú Comhair nó Meabhrán Tuisceana

**Meánleibhéal foirmiúlachais**
- páirtithe leasmhara atá cláraithe le hionstraim dhlíthiúil fhoirmiúil
- Comhaontú Comhpháirtíochta le heintiteas ainmnithe

**Socruithe de chineál níos foirmiúla**
- comhstruchtúr nó comhoifig chun tacú le comhar
- saineintiteas dlítheanach chun an straitéis nó an plean gníomhaíochta a chur chun feidhme



Is ionstraim dhlíthiúil dheonach í Cairt Tírdhreacha na Catalóine (an Spáinn) lena gcuirtear ar chumas do pháirtithe leasmhara áitiúla a bheith ag obair lena chéile chun feabhas a chur ar an tírdhreach agus é a iompú ina shócmhainn don todhchaí. Tá an Chairt seo á húsáid ag contae Priorat mar ais le haghaidh forbairt áitiúil níos leithne, rud a chuireann ar chumas an phobail dúshláin áitiúla a aithint agus teacht ar réitigh atá oiriúnaithe chun aghaidh a thabhairt ar dhídhaonrú, ar bhiafhlaitheas agus flaitheas fuinnimh, ar thalmhaíocht agus ar éagsúlú eacnamaíoch.

Baineann an struchtúr rialachais le comhlachtaí comhairleacha agus comhairliúcháin an Choimisiúin Tírdhreacha agus Inbhuanaitheachta, agus tacaíocht aige ón Oifig Tírdhreacha agus ó ranna rialtais éagsúla an réigiúin, chomh maith le fóraim rannpháirtíochta de chuid páirtithe leasmhara a chuidíonn le díospóireacht a spreagadh agus tionscnaimh a chur chun cinn.

Faigheann Cairt Thírdhreach Priorat tacaíocht ó straitéis áitiúil LEADER agus baineann dlúthchomhar léi idir an chomhairle contae, an Oifig Tírdhreacha agus an GGÁ. Ar an gcaoi sin, is ionann an Chairt agus uirlis chun forbairt áitiúil a chomhordú agus chun gníomhaíochtaí a phleanáil i réimsí nua nár tugadh aghaidh orthu roimhe seo, agus tá sí nasctha le beartais ardleibhéil, go háirithe Comhshocrú Tuaithe na Catalóine.

Féach freisin sampla Francach de chuid sainchomhlacht idirphobail a chumasaíonn gníomhaíocht chomhpháirteach: Cur i láthair agus físeán de chuid Pays Vallée du Loire dar teideal 'Comhthathú críochach trí bhíthin sainionstraime a chothú'.

## 4.3 Teacht ar chomhaontú maidir le fís chomhroinnte agus plean comhroinnte lena ngabhann gníomhaíochtaí leathana claochlaitheacha

Ba cheart an gníomhaíocht chlaochlaitheach a dtéitear ina bun ar an leibhéal áitiúil chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais agus chun ceantair thuaithe a dhéanamh níos láidre, níos nasctha, níos athléimní agus níos rathúla a bheith comhleanúnach agus pleanáilte go maith.

Tá cuid mhór ceantair thuaithe cumhdaithe cheana féin ag roinnt straitéisí agus pleananna, agus d'fhéadfadh sé nach mbeadh sé riachtanach – nó inmholta fiú – an pobal a thabhairt le chéile chun doiciméad straitéiseach eile fós a fhorbairt. Bheadh sé úsáideach, áfach, don phobal ar fad teacht ar chomhaontú maidir le **fís choiteann leathan** dá gceantar amach anseo, agus do na gníomhaithe ábhartha a bheith ar an eolas **faoin gcaoi a gcuireann a ngníomhaíocht leis an bhfís fhoriomlán**, fiú má mhaoinítear í faoi straitéisí nó faoi chláir ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal réigiúnach.

Maidir le fís choiteann den sórt sin, ba cheart **tionscnaimh atá ann cheana a ghlacadh mar thúsphointe** ina leith agus ba cheart go gcumhdódh sí **raon níos leithne téamaí**: an geilleagar, an comhshaol, an bonneagar, nó seirbhísí ar nós sláinte, oideachais, soghluaisteachta, tithíochta. D'fhéadfadh an fhís tuaithe feidhmiú mar chreat foriomlán chun téamaí ábhartha do na ceantair a scrúdú. D'fhéadfadh sé gur próiseas fada céimnitheach a bheadh ann de réir na riachtanas ar an leibhéal áitiúil, ós rud é go bhféadfadh sé nach mbeadh páirtithe leasmhara áitiúla in ann gníomhú ar na téamaí sin uile ón tús.



Tá sé mar aidhm ag Nockregion in Carinthia Uachtarach a bheith ar an réigiún is fearr san Ostair le bheith ag maireachtáil agus ag obair ann. D'eagraigh GGÁ Nockregion meithleacha ina raibh 800 duine páirteach agus d'fhorbair sé straitéis aonair ina dtugtar tuairisc ar uaillmhianta an cheantair.

Ós rud é nach leor maoiniú LEADER chun an méid sin uile a bhaint amach, baineann an GGÁ úsáid freisin as Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE) agus as foinsí maoinithe eile de chuid an Aontais agus as foinsí maoinithe náisiúnta eile, ionas nach bhfuil i gceist le cistí LEADER ach 30 % den bhuiséad iomlán.

Déanann an GGÁ iarracht freisin a bheith bainteach le beartais ardleibhéil, mar shampla bhí baint ag bainisteoir an GGÁ leis an mbord náisiúnta a bhí ag déileáil leis an athrú déimeagrafach, cé go bhfuil naisc den sórt sin fós sách teoranta.

Féach freisin sampla ón bhFrainc de chríoch nuálach agus a líonra gníomhaithe éagsúla, a slógadh chun gabháil d'fhís chomhroinnte lena mbaineann cúig dhúshlán: Cur i láthair agus físeán dar teideal 'Daoine agus Crainn' (Fr. 'Des Hommes et des Arbres').

### Ba mhaith leat rud éigin a dhéanamh i do cheantar tuaithe, ach níl a fhios agat cá háit le tosú?
### Tá roinnt uirlisí ann cheana féin.

- Thacaigh tionscadal Smart Rural 21 (2020-2022), atá á mhaoiniú ag an Aontas, le pobail tuaithe (sráidbhailte) maidir le straitéisí Sráidbhaile Cliste a fhorbairt agus maidir le gníomhaíochtaí nuálacha a chur chun feidhme. I dtuarascáil deiridh agus i mbileog an tionscadail, áirítear sraith uirlisí pobail, réitigh áitiúla nuálacha, agus ceachtanna a lean as bheith ag obair le pobail.
- Tá raon uirlisí agus samplaí úsáideacha ann sa 'Compás maidir le Cumhachtú Áitiúil i gceantair thuaithe' ó Chomhghuaillíocht Eorpach na gComhphobal Tuaithe (ERCA).
- Leagtar amach moltaí úsáideacha i bhFoireann Uirlisí LEADER an Aontais, go háirithe sa roinn maidir le 'Conas Grúpa Gníomhaíochta Áitiúil (GGA) a bhunú?'
- Leis an bhFoireann uirlisí tuaithe maidir le maoiniú ón Aontas, bailítear eolas faoi fhoinsí féideartha maoinithe agus tacaíochta do thionscnaimh áitiúla.

RURAL PACT

# 5. Cad ba cheart do lucht ceaptha beartais a dhéanamh chun gníomhaíocht a chumasú?

## 5.1 Ceannairí áitiúla agus a socruithe eagraíochtúla a aithint mar chomhpháirtithe i bhfíor-rialachas il-leibhéil

Le hArdán Pobail an Chomhshocraithe um an Tuath cuirtear ar chumas do phiaraí ó gach cearn den Eoraip a nascadh le chéile. Trí pháirt a ghlacadh san Ardán, is féidir le páirtithe leasmhara tús a chur le pléití téamacha nó páirt a ghlacadh iontu trí ghrúpaí pobail, is féidir leo eispéiris a chomhroinnt, comhpháirtithe a aimsiú agus rochtain a fháil ar ábhar úsáideach. Is ionann Faireachlann um an Tuath agus foinse úsáideach eolais agus sonraí faoi cheantair thuaithe an Aontais.

Cé go bhfuil cuid mhór pobail tuaithe á n-eagrú féin chun gníomhaíocht áitiúil a chothú, is gnách go ndéanann údaráis náisiúnta agus údaráis réigiúnacha neamhaird ar a n-iarrachtaí, ar údaráis iad a mheasann go minic gurb iadsan na príomhspreagthóirí athraithe tuaithe is mó atá ann.

Agus é á aithint gurb iad na pobail tuaithe na príomhghníomhaithe, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le hathrú meoin chun an chumhacht chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an méid ba cheart a dhéanamh a tharmligean chucu, agus ról a thabhairt dóibh maidir le cur chun feidhme gníomhaíochtaí áitiúla i bpróisis rialachais il-leibhéil agus ilghníomhaithe. Féach Páipéar Seasaimh SHERPA maidir le 'Ceantair thuaithe a chumhachtú i bpróisis rialachais il-leibhéil' chun smaointe úsáideacha a fháil maidir leis an gcaoi ar féidir é sin a bhaint amach.

D'fhéadfadh sé gur mhian le roinnt pobal a gcuid gníomhaíochtaí a bhrandáil mar 'Comhshocrú um an Tuath áitiúil' mar bhealach chun a dtiomantas a chur in iúl maidir le gníomhú ar son na físe tuaithe. Trí nasc a dhéanamh leis an tionscnamh polaitiúil Eorpach seo, d'fhéadfaí aitheantas a fháil do na ceantair sin freisin ó údaráis réigiúnacha, ó údaráis náisiúnta nó ó údaráis Eorpacha. D'fhéadfadh pobail a bhfuil dul chun cinn maith déanta acu maidir leis na gnéithe a luadh roimhe seo a chur i bhfeidhm (i bhfo-ranna 4.1, 4.2 agus 4.3) nó d'fhéadfadh pobail eile breithniú a dhéanamh i dtaobh branda 'Comhshocrú um an Tuath' a úsáid chun a n-infheictheacht a mhéadú, feasacht a mhéadú maidir lena n-iarrachtaí, agus nascadh le pobail eile a bhfuil cineálacha cur chuige comhchosúla á gcur chun feidhme acu.



I gcuid mhór sráidbhailte de chuid na hÍsiltíre, iarrtar ar phobail áitiúla tograí a dhéanamh le haghaidh gníomhaíocht chlaochlaitheach chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin áitiúla. Forbraíonn siad 'Pleananna Sráidbhaile' arb amhlaidh ina leith — a luaithe a chomhaontaíonn an pobal agus an bardas roinnt na gcúraimí — go dtiocfaidh siad chun bheith ina 'Comhshocruithe Sráidbhaile'.

Is cuid é sin d'iarracht an rialtais níos mó freagrachta a thabhairt do dhaoine áitiúla agus chun béim níos lú a chur ar an stát. Mar shampla, tá sé de chumhacht ag an bpobal áitiúil cur i gcoinne an mhéid atá á dhéanamh ag údaráis phoiblí, agus na seirbhísí poiblí a ghlacadh ar láimh mura bhfuil siad sásta le soláthar na seirbhísí sin.

Dhírigh an chéad ghlúin de 'Pleananna Sráidbhaile' go príomha ar an méid ba mhaith le muintir an tsráidbhaile go ndéanfadh an rialtas é, agus díríonn pleananna ina dhiaidh sin níos mó ar an méid is féidir leis na daoine a dhéanamh iad féin.

Léiríonn sampla na Catalóine (foroinn 4.2) freisin an chaoi a n-oibríonn ranna éagsúla den rialtas réigiúnach leis an tionscnamh áitiúil chun comhordú níos éifeachtaí a chumasú maidir le beartais éagsúla atá dírithe ar cheantair thuaithe.

## 5.2 Fothú acmhainneachta áitiúla a eagrú agus/nó a mhaoiniú

Má tá ról níos mó le bheith ag pobail áitiúla maidir le gníomhaíocht chlaochlaitheach áitiúil a dhearadh agus a chur chun feidhme, ar gníomhaíocht í lena gcumhdaítear gach réimse téamach de chuid na físe tuaithe, is gá dóibh an **acmhainneacht** a bheith acu déanamh amhlaidh. Cuimsíonn sé sin **eolas, scileanna, agus acmhainní daonna agus airgeadais** chun an obair a dhéanamh.

Maidir le **fothú acmhainneachta** — oiliúint, comhairle, piarfhoghlaim agus eolas a sholáthar, chomh maith le maoiniú do bhaill foirne, do threalamh oifige agus do thaisteal — is coinníoll ríthábhachtach é a ghabhann le cumhachtú pobal tuaithe. Ní mór rochtain a bheith ag raon leathan gníomhaithe tuaithe ar chúrsaí saincheaptha, ar dheasca cabhrach agus ar uirlisí ar líne lena soláthraítear eolas sothuigthe agus comhairle spriocdhírithe.

Ba cheart an méid sin a chomhlánú le **beochan pobail** ar an láthair, go háirithe sna ceantair sin nach bhfuil aon rud, nó nach bhfuil ach fíorbheagán rudaí, ag tarlú iontu fós. Tá sé an-tábhachtach freisin deiseanna a thabhairt do phobail tuaithe chun foghlaim a dhéanamh óna chéile trí bhíthin cruinnithe líonraithe, trí bhíthin cuairteanna staidéir nó trí bhíthin cúrsaí oiliúna.

Ar deireadh, ní mór maoiniú a bheith ar fáil do na **bunchostais** a ghabhann le hoifig a reáchtáil agus le daoine a fhostú a leanfaidh de na gníomhaithe áitiúla a thabhairt le chéile maidir leis an bplean gníomhaíochta agus de bheith ag cinntiú go ndéantar an plean sin a chur chun feidhme go comhsheasmhach. D'fhéadfaí fothú acmhainneachta den sórt sin a mhaoiniú, mar shampla, trí chúnamh teicniúil atá ar fáil d'údaráis bhainistíochta atá freagrach as maoiniú an Aontais.



Is féidir le pobail Albanacha 'Pleananna do Cheantair Áitiúla' a fhorbairt ina leagtar amach tograí le haghaidh forbairt agus úsáid talún. Nuair atá siad cláraithe leis an údarás áitiúil ábhartha, tagann siad chun bheith ina gcuid de chóras pleanála na hAlban agus ní mór iad a chur san áireamh.

Maidir leis an gcomhlacht pobail a bhunaítear chun an Plean a fhorbairt, beidh úinéireacht aige ar chur i bhfeidhm an Phlean. Cuidíonn treoir speisialta i dteanga shoiléir shimplí le pobail a mbealach a dhéanamh tríd an bpróiseas, agus tá roinnt eagraíochtaí ann ónar féidir leo tacaíocht a lorg.

D'fhéadfaí cuidiú le forbairt an Phlean a fháil freisin ó fhoirne Foghlama agus Forbartha Pobail atá lonnaithe laistigh d'údaráis áitiúla, nó ó ranna pleanála áitiúla.

Is féidir tacaíocht bhreise a fháil chun an Plean a chur chun feidhme. Mar shampla, fuair Comhghuaillíocht Langholm maoiniú do dhá phost, is iad sin bainisteoir fiontar pobail agus cúntóir tionscadail, ó Ghníomhaireacht Fiontraíochta Dheisceart na hAlban.

## 5.3 Gníomhaíocht chomhordaithe a chothú

Sainaithníodh córais agus sásraí rialachais iomchuí chun foinsí maoinithe éagsúla a chomhcheangal agus sineirgí a chothú mar cheann de phríomh-chomhchodanna an Chomhshocraithe um an Tuath ar an leibhéal náisiúnta. Mar sin féin, ní leor é chun comhordú agus comhlántacht a chinntiú ar leibhéal an bheartais — tá sé tábhachtach é seo a thiontú ina ghníomhaíocht phraiticiúil ar an láthair.

Go hidéalach, beidh spás ag pobail tuaithe ina bhfaigheann siad eolas trédhearcach agus ina mbeidh siad in ann a dtuairimí a nochtadh ar ábhair éagsúla a bhaineann le beartas agus maoiniú, gan iallach a bheith orthu a mbealach a dhéanamh trí institiúidí éagsúla ná rialacha agus próisis éagsúla. Níl sé riachtanach, ná indéanta, a chinntiú go mbeidh spás den sórt sin ar fáil i ngach pobal tuaithe, ach níor cheart é a bheith róscoite amach ó ghníomhaithe tuaithe — d'fhéadfadh sé gur réiteach réasúnta é réiteach a bheith ann ar an leibhéal foréigiúnach (NUTS 3).

Tá sé tábhachtach freisin malartú taithí, comhar agus comhordú a chothú; muinín a bhunú idir údaráis atá freagrach as foinsí éagsúla maoinithe; agus a chinntiú go bhfuil tuiscint choiteann acu ar riachtanais agus ar ionchais na bpobal tuaithe.



I roinnt réigiún san Iodáil, comhlánaíonn cur chun feidhme LEADER (arna mhaoiniú faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe CETFT) de chuid an rialtais arb é is aidhm di struchtúr déimeagrafach na gceantar tuaithe a threisiú.

Feidhmíonn GGÁ MontagnAppenino sa Tuscáin mar bheochantóir forbartha tuaithe a thacaíonn le haontas na mbardas chun Straitéis na gCeantar Istigh a chur chun feidhme. Cruthaíonn comhar den sórt sin sineirgí, agus déanann Straitéis na gCeantar Istigh bearta arna gcur chun feidhme ag eintitis phoiblí a mhaoiniú go príomha, mar shampla tionscadail bhonneagair a thugann aghaidh ar dhídhaonrú agus ar eisiamh sóisialta, agus an GGÁ a thacaíonn le tionscadail chomhoibríocha maidir le forbairt pobail, gnóthaí neamhthalmhaíochta agus nuálaíocht.

Ina theannta sin, soláthraíonn an GGÁ tacaíocht theicniúil d'eintitis phoiblí a dhéanann iarratais ar mhaoiniú Straitéis na gCeantar Istigh. Sa tréimhse 2021-2027, bainisteoidh GGÁnna roinnt beart de Straitéis na gCeantar Istigh freisin.

Féach freisin sampla de chomhordú cistí ar an leibhéal réigiúnach san Fhionlainn. Chun smaointe a fháil maidir leis an gcaoi ar féidir le líonrú cuidiú le comhthuiscint a fhorbairt, comhar agus muinín a chothú idir údaráis bhainistíochta mhaoinithe, féach an sampla ón tSualainn san fhoilseachán 'Tacaíocht NRN (gréasán náisiúnta tuaithe) do chur chun feidhme LEADER/CLLD (forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail)' (lch. 5).

## 5.4 Rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú agus maorlathas a laghdú

Is uirlis luachmhar freisin í An fhoireann uirlisí tuaithe maidir le maoiniú ón Aontas (féach an bosca ar lch. 5) chun cuidiú le pobail tuaithe a mbealach a dhéanamh trí thírdhreach casta dheiseanna maoinithe an Aontais.

Ní bheidh pobail áitiúla in ann a ngníomhaíocht chlaochlaitheach a chur chun feidhme gan rochtain ar scéimeanna maoinithe atá sách **solúbtha** chun freagairt d'éagsúlacht mhór riachtanas, agus atá sách **simplí** chun a chur ar chumas do thionscnóirí tionscadail áitiúla maoiniú a fháil gan déileáil le bacainní riaracháin iomarcacha.

Forbraíonn roinnt údarás bainistíochta náisiúnta nó réigiúnach rialacha agus coinníollacha casta maidir le riaradh chistí an Aontais, ar rialacha agus coinníollacha iad a théann i bhfad thar fheidhm reachtaíocht an Aontais (dá ngairtear 'rórialáil' uaireanta).

Mar thoradh air sin, ní bhíonn cuid mhór gníomhaithe áitiúla toilteanach chun iarratas a dhéanamh ar thacaíocht nó chun deireadh a chur lena dtionscadail i bhfianaise próisis chinnteoireachta fhada — rud a chruthaíonn íomhá dhiúltach maidir le maoiniú ón Aontas i gcuid mhór pobal áitiúil. Dá bhrí sin, ba cheart tabhairt an Chomhshocraithe um an Tuath agus na físe ina leith sin níos gaire do na saoránaigh a nascadh le **cuíchóiriú agus simpliú** na rochtana ar mhaoiniú ón Aontas.

Féachaint ar mholtaí breise maidir le gníomhaithe éagsúla a thabhairt le chéile chun an fhís tuaithe a chur chun feidhme sa tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) dar teideal 'I dtreo rannpháirtíocht níos mó ó na Ballstáit, ó na Réigiúin agus ó ghníomhaithe na Sochaí Sibhialta i gcur chun feidhme na Físe Fadtéarmaí le haghaidh cheantair thuaithe an Aontais'.

Modh tábhachtach chun rochtain ar mhaoiniú a shimpliú is ea Roghanna Costas Simplithe (RCSanna) a úsáid. Ní cheanglaítear ar thairbhithe, mar thoradh air sin, taifead a choinneáil ar gach caiteachas aonair ar a dtionscadal, ní gá dóibh ach a léiriú go bhfuil na haschuir agus na torthaí comhaontaithe bainte amach acu le go n-íocfar iad ar an mbonn sin.

San Fhionlainn, úsáideadh córas SCO (cnapshuimeanna) cheana féin le haghaidh cuid mhór tionscadal tuaithe sa tréimhse 2014-2020, faoi LEADER agus faoi bhearta eile araon. Spreag an próiseas iarratais simplí cuid mhór tairbhithe beaga nó céaduaire chun smaointe faoi thionscadail a fhorbairt, agus bhí comhairleoirí GGÁ LEADER ar fáil chun cuidiú leo an rogha is fearr a roghnú maidir le maoiniú.

Bealach eile chun rochtain ar mhaoiniú a éascú do thairbhithe beagscála is ea 'scáththionscadail' (is é sin, pacáistí oibríochtaí beaga a ndéileáiltear leo, chun críoch riaracháin, mar aon tionscadal amháin) a úsáid. Chun tuilleadh samplaí a fháil maidir leis an ualach riaracháin a laghdú le haghaidh gníomhaithe áitiúla, féach treoir FARNET maidir le 'CLLD a chur i gcrích go héifeachtach'.

RURAL PACT

**Cláraigh leis an ardán ar líne agus le Pobal an Chomhshocraithe um an Tuath**
https://ruralpact.rural-vision.europa.eu/become-member_en

www.ruralpact.rural-vision.europa.eu
info@rural-pact.eu

Údar: Urszula Budzich-Tabor
Tacaíocht: Enrique Nieto, Paul Soto, Pascale van Doren
Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025
© an tAontas Eorpach, 2025. CC-BY 4.0
Grianghraf clúdaigh: © andresr, Canva.com
Tá an clár seo á chur chun feidhme ag
aeidl

PRINT ISBN 978-92-68-22322-2 doi:10.2762/2185589 KF-01-24-027-GA-C
PDF ISBN 978-92-68-22321-5 doi:10.2762/7323563 KF-01-24-027-GA-N

Arna mhaoiniú ag an Aontas Eorpach